Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Eanáir 2024
(OR. en)

16886/23

LIMITE

CORLX 1158
CFSP/PESC 1710
MAMA 200
COARM 336
FIN 1333

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2009 mar thaca le hiarrachtaí na hÚcráine gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac, i gcomhar le ESCE |

**CINNEADH (CBES) 2024/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2009
mar thaca le hiarrachtaí na hÚcráine gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac, i gcomhar le ESCE**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 2 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/2009[1].

(2) Foráiltear le Cinneadh (CBES) 2019/2009 do thréimhse cur chun feidhme 36 mhí le haghaidh na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 de, ó dháta thabhairt i gcrích an chomhaontuithe maoinithe dá dtagraítear in Airteagal 3(3) de.

(3) Le Cinneadh (CBES) 2022/2276[2] ón gComhairle, cuireadh síneadh 13 mhí le tréimhse cur chun feidhme Chinneadh (CBES) 2019/2009, go dtí an 23 Eanáir 2024.

(4) D'iarr an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) go gcuirfí síneadh 6 mhí le tréimhse cur chun feidhme Chinneadh (CBES) 2019/2009, go dtí an 21 Iúil 2024, i bhfianaise na moille ar chur chun feidhme gníomhaíochtaí tionscadail faoi Chinneadh (CBES) 2019/2009 i ngeall ar thionchar phaindéim COVID-19 agus cogadh foghach gan chúis gan údar na Rúise i gcoinne na hÚcráine.

(5) Is féidir leanúint de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2019/2009 go dtí an 21 Iúil 2024 a fheidhmiú gan aon iarmhairtí a mhéid a bhaineann le hacmhainní airgeadais.

---

[1] Cinneadh (CBES) 2019/2009 ón gComhairle an 2 Nollaig 2019 mar thaca le hiarrachtaí na hÚcráine gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac, i gcomhar le ESCE (IO L 312, 3.12.2019, lch. 42).

[2] Cinneadh (CBES) 2022/2276 ón gComhairle an 18 Samhain 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2009 mar thaca le hiarrachtaí na hÚcráine gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac, i gcomhar le ESCE (IO L 300, 21.11.2022, lch. 42).



PUBLIC

(6) Ba cheart glacadh leis an iarraidh ar shíneadh trí Airteagal 5(2) de Chinneadh (CBES) 2019/2009 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

I gCinneadh (CBES) 2019/2009, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5, mír 2:

'2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag an 21 Iúil 2024.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC